

Oifig an Stiúrthóra um
Fhorfheidhmiú Corparáideach

Office of the Director
of Corporate Enforcement

Leabhrán Faisnéise 2 **Stiúrthóirí Cuideachta**

Fógra Cinnidh D/2011/1

Príomhdhualgais agus Príomhchumhachtaí

Stiúrthóirí Cuideachta

faoi Achtanna na gCuideachtaí 1963-2009

Fógra Cinnidh D/2011/1

Príomhdhualgais agus Príomhchumhachtaí

Stiúrthóirí Cuideachta

faoi Achtanna na gCuideachtaí 1963-2009

Ráiteas Cóipchirt

Is leis an Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach (OSFC) cóipcheart ábhar an doiciméid seo. Mar sin féin i gcomhlíontas na Rialachán in I.R. 279 de 2005 (Faisnéis Earnála Poiblí a Athúsáid) mholann OSFC an faisnéis uile a tháirgeann sí a athúsáid.

Ceadaítear dá réir atáirgeadh agus/nó athúsáid an doiciméid seo faoi réir an cheadúnais PSI is deireanaí atá ar fáil ag www.psi.gov.ie. Ceadaítear duit an doiciméad seo nó an fhaisnéis inti a athúsáid saor in aisce i bhformáid ar bith ar choinníoll:

- go mbeidh an fhaisnéis a atáirgfear cruinn;
- gur chun críche dleathaí nó cuí a bhainfear úsáid aisti;
- go n-admhófar go soiléir foinse na faisnéise agus an chóipchirt;
- nach é príomhchúis le hathúsáid na faisnéise fógraíocht nó bolscaireacht a dhéanamh thar ceann táirge nó seirbhís faoi leith.

Ráiteas Séanta

Níor chóir go dtuigfí aon ní dá bhfuil anseo mar léiriú de nó ar son OSFC maidir lena léirmhíniú cinntitheach ar aon cheann d'fhorálacha Achtanna na gCuideachtaí 1963 go 2009 nó maidir le léirmhíniú údarásach ar dhlí ar bith.

Ba chóir comhairle dlí neamhspleách a lorg maidir le héifeachtaí aon fhorála dlí. Ní ghlacfaidh an Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach freagracht nó dliteanas ar bith is cuma cén chaoi a n-éiríonn siad as aon bhotún, mhíchruinneas nó easnamh in ábhar an doiciméid seo. Forchoimeádann an Stiúrthóir an ceart caingean chúirte a thionscnamh a d'fhéadfadh a bheith nó gan a bheith de réir fhorálacha an doiciméid seo.

1.0 Réamhrá	5
2.0 Príomhdhualgais agus Príomhchumhachtaí Stiúrthóirí Cuideachta	6
2.1 Cad is Stiúrthóir Cuideachta ann	6
2.2 Cáilíochtaí a theastaíonn le bheith ina Stiúrthóir Cuideachta	6
2.3 Cineálacha Stiúrthóirí Cuideachta	6
– Cúlstiúrthóirí	6
– Stiúrthóirí Ionaid	7
– Stiúrthóirí De Facto	7
– Stiúrthóirí Feidhmeannacha	7
– Stiúrthóirí Neamhfheidhmeannacha	7
2.4 Cad iad na Dualgais agus na hOibleagáidí atá ar Stiúrthóirí Cuideachta	7
2.5 Dualgais Stiúrthóirí faoi Dhlí Coiteann	8
2.6 Dualgais Reachtúla Stiúrthóirí	9
2.6.1 Dualgais mar Oifigeach Cuideachta	9
2.6.2 Dualgas Leabhair Chúí Chuntas a Choinneáil	9
2.6.3 Dualgas Cuntais Bhliantúla a Ullmhú (Ráitis Airgeadais)	10
2.6.4 Dualgas Iniúchadh Bliantúil a Fháil Déanta	11
2.6.5 Dualgas Clár Áirithe agus Doiciméid eile a Choinneáil	11
2.6.6 Dualgas Doiciméid Áirithe a Chomhdú le Cláraitheoir na gCuideachtaí	12
2.6.7 Dualgas maidir le Nochtadh	12
2.6.8 Dualgas Cruinnithe Ginearálta na Cuideachta a Thionól	12
■ Cruinniú Ginearálta Bliantúil (CGB)	13
■ Cruinnithe Ginearálta Urghnácha (CGU)	13
2.6.9 Dualgais Stiúrthóirí maidir le hIdirbhearta idir na Stiúrthóirí agus an Chuideachta	13
2.6.10 Dualgais Stiúrthóirí Cuideachtaí faoi Leachtú agus Stiúrthóirí Cuideachtaí Dócmhainneacha	15
■ Dualgais Stiúrthóirí Cuideachtaí Dócmhainneacha	15
■ Dualgais Stiúrthóirí Cuideachtaí faoi Leachtú	16
2.7 Cumhachtaí Stiúrthóirí Cuideachta	16
3.0 Pionóis faoi Achtanna na gCuideachtaí	17
3.1 Pionóis maidir le Coireanna Coiriúla	17
Pionóis a Fhorchuireann an Chúirt	17
3.2 Pionóis Shibhialta	18
Dícháiliúchán	18
Srianadh	18
Baint de Chlár na gCuideachta	18
4.0 Seoltaí Úsáideacha	19

Aguisín A	Ceapachán agus Díbirt Stiúrthóirí agus Cúrsaí Gaolmhara	20
	Ceapachán Stiúrthóirí	20
	Díbirt Stiúrthóirí	20
	Luach Saothair Stiúrthóirí	20
	An Ceangal go mBeidh Cónaí ag Stiúrthóirí amháin i Limistéar Eacnamúil na hEorpa (LEE)	21
	Teorainn ar Líon na Stiúrthóireachtaí	21
Aguisín B	Srianadh agus Dícháiliúchán Stiúrthóirí Cuideachta	21
	Réamhrá	21
	Srianadh Stiúrthóirí	21
	Rialacha maidir le Cothabháil Chaipitil i Cuideachtaí a bhfuil Stiúrthóir (nó Rúnaí) dá gcuid Srianata	22
	Dícháiliúchán Stiúrthóirí	22
	Dícháiliúchán Uathoibríoch	22
	Dícháiliúchán Lánroghnach	23
	Iarmhairtí Sibhialta a Thiochfaidh as Gnómhú le linn bheith Srianata nó Dícháilithe	24
	Clár na nDaoine Srianata agus Dícháilithe	24

1.0 Réamhrá

Tá forálacha leithne in Achtanna na gCuideachtaí 1963-2009 ina sonraítear conas cúrsaí cuideachta a stiúradh. Tá cur síos sna forálacha sin ar conas is ceart do rannpháirtithe éagsúla i gcuideachtaí a ndualgais agus a n-oibleagáidí a chomhlíonadh. Ina theannta sin tugtar cearta agus cumhachtaí suntasacha do rannpháirtithe lena chur ar a gcumas a gcearta a dhearbhu agus más gá a leasanna príobháideacha agus/nó corparáideacha a chosaint.

Tá an Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach den tuairim gur deacair do go leor de na rannpháirtithe neamhghairmiúla i gcúrsaí cuideachta bheith eolasach faoi na cearta atá acu agus faoi na hoibleagáide atá orthu faoin dlí toisc méid na gceangal in Achtanna na gCuideachtaí. Ba é sin go páirteach ba chúis le caighdeán neamhdhóthanach maidir le comhlíontas dhlí na gcuideachtaí san am atá thart.

Sonraítear in Alt 12(1)(b) den Acht um Fhorfheidhmiú Dlí Cuideachtaí, 2001 go bhfuil sé d'fheidhm ag an Stiúrthóir comhlíontas Achtanna na gCuideachtaí a spreagadh *“to encourage compliance with the Companies Acts”*. Is i gcomhchuibheas leis an sainchúram sin d'eisigh an Stiúrthóir sraith de leabhráin faisnéise. Eisíodh na Leabhráin Faisnéise sin den chéad uair i mí na Samhna 2001 agus san eagrán seo de na leabhráin tugtar chun dáta athruithe ar an dlí go deireadh na bliana 2010. Is ann do leabhráin faisnéise maidir leis na hábhair a leanas:

Leabhrán Faisnéise 1 – Cuideachtaí

**Leabhrán Faisnéise 2 – Stiúrthóirí
Cuideachta**

Leabhrán Faisnéise 3 – Rúnaithe Cuideachta

**Leabhrán Faisnéise 4 – Comhaltaí agus
Scairshealbhóirí**

Leabhrán Faisnéise 5 – Iniúchóirí

Leabhrán Faisnéise 6 – Creidiúnaithe

**Leabhrán Faisnéise 7 – Leachtaitheoirí,
Glacadóirí agus
Scrúdaitheoirí**

De bhreis ar fhaisnéis ar na dualgais agus ar na cumhachtaí ábhartha tá faisnéis i ngach leabhrán maidir leis na pionóis a ngearrfar mura gcomhlíonfar na ceangail in Achtanna na gCuideachtaí; tá seoltaí agus pointí teagmhála úsáideacha iontu freisin.

Is ar an léitheoir neamhghairmiúil a bhíothas ag díriú le linn ullmhúcháin gach leabhrán d'fhonn fáil agus tuiscint níos fearr ar phríomhcheangail dhlí na gcuideachtaí a chinntiú.

Tá an Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach den tuairim go bhfuil sé tábhachtach go mbeadh cibé duine aonair a fhaigheann na sochair agus na pribhléidí a ghabhann le bheith corpraithe feasach faoi na dualgais agus na freagrachtaí a ghabhann leo. Tá na leabhráin faisnéise ceaptha chun na dualgais agus leis na freagrachtaí atá air a chur i léire don duine aonair agus an léire sin a mhéadú.

Is mian leis an Stiúrthóir a shoiléiriú nár cheart go dtuigfí an treoir mar léirmhíniú cinntitheach dlíthiúil ar na forálacha ábhartha. Ina theannta sin ní mór a admháil gur féidir léirmhínithe difriúla a bhaint as an dlí. Ba chóir mar sin go mbeadh léitheoirí feasach faoi go mbíonn éiginnteacht i gceist maidir leis an léirthuiscint a baineann na Cúirteanna as an dlí nuair a fheidhmítear an dlí i leith imthosca sonracha cuideachtaí agus daoine aonair.

Tá sé tábhachtach go dtabharfadh léitheoirí dá n-aire i gcás go bhfuil amhras orthu maidir lena n-oibleagáide nó lena ndualgais faoin dlí gur chóir dóibh dul sa tóir ar chomhairle dlí nó chuntasaíochta ghairmiúil neamhspleách de réir mar is cuí.

Tá sé ar intinn an Stiúrthóra an treoir a thabhairt chun dáta de réir mar a thagann athruithe ar dhlí na gcuideachtaí amach anseo. Cuirfidh sé fáilte freisin roimh aon tuairim maidir leis an ábhar atá ann sa chaoi is go mbeidh na heagráin a fhoilseofar as seo amach chomh faisnéiseach agus is féidir.

**Oifig an Stiúrthóra um
Fhorfheidhmiú Corparáideach**

Deireadh Fómhair 2011

2.0 Príomhdhualgais agus Príomhchumhachtaí Stiúrthóirí Cuideachta

2.1 Cad is Stiúrthóir Cuideachta ann

Is lena comhaltaí (a scairshealbhóirí) an chuideachta. Éilítear go mbeidh dhá stiúrthóir ar a laghad ar gach cuideachta¹. Is gnách go gceapann comhaltaí na chuideachta na stiúrthóirí ach féadfaidh stiúrthóirí eile iad a cheapadh sa chás go gceadaítear sin in airteagail an chomhlachais. Bord na stiúrthóirí a thugtar ar stiúrthóirí na cuideachta i dteannta a chéile.

In Alt 2(1) d'Acht na gCuideachtaí 1963 sainmhínítear “stiúrthóir” mar *“aon duine i bpost stiúrthóra cibé ainm a thugtar air”*.

Príomhfheidhm na stiúrthóirí is ea an chuideachta a riar thar cheann na gcomhaltaí. Is gnách go bhforáiltear in airteagail an chomhlachais do tharmligean cumhachtaí riartha na gcomhaltaí do bhord na stiúrthóirí agus tá go leor d'fheidhmeanna na stiúrthóirí leagtha amach in airteagail chomhlachais na cuideachta. Féadfaidh stiúrthóir cuideachta gníomhú freisin mar rúnaí cuideachta (pléitear topaic an rúnaí chuideachta i Leabhrán Faisnéise 3 – Rúnaithe Cuideachta).

Tá na príomhfhórlacha a bhaineann le stiúrthóirí leagtha amach in ailt 174 go 199 d'Acht na gCuideachtaí, 1963, i gCodanna III, IV (i gCaibidil 1 amháin) agus VII d'Acht na gCuideachtaí, 1990, in ailt 43 go 45 d'Acht na gCuideachtaí (Leasú) (Uimh. 2) 1999 agus i gCodanna 4 agus 9 den Acht um Fhorfheidhmiú Dlí Cuideachtaí, 2001, arna leasú más iomchuí.

Ba chóir do gach duine a cheaptar mar stiúrthóir cuideachta eolas maith a ghnóthachtáil roimh nó ag am an cheapacháin maidir leis na freagrachtaí

agus leis na hoibleagáidí a bhaineann leis an bpost. Leagtar amach sa leabhrán seo achoimre ar fhreagrachtaí, ar oibleagáidí agus ar chumhachtaí stiúrthóirí.

2.2 Cáilíochtaí a theastaíonn le bheith ina Stiúrthóir Cuideachta

Ní theastaíonn cáilíochtaí foirmeálta ó dhuine le bheith ina stiúrthóir cuideachta. Ní gá go mbeadh stiúrthóir ina chomhalta (scairshealbhóir) i gcuideachta mura bhforáiltear go sonrach dó sin in airteagail an chomhlachais. Tá páirtithe áirithe ann a leithéidí comhlachtaí corparáideacha (i.e. cuideachtaí), féimhigh neamhscaoilte, iniúchóirí na cuideachta agus daoine dícháilithe (i.e. duine atá dícháilithe ag an gcúirt chun gníomhú mar stiúrthóir cuideachta) nach bhfuil i dteideal gníomhú mar stiúrthóirí cuideachta.

Ina theannta sin sa chás go bhfuil duine dícháilithe chun gníomhú mar stiúrthóir ní mór don chuideachta ceangail áirithe chaipitil a chomhlíonadh sular féidir leis nó léi gníomhú amhlaidh sin. Pléitear topaic an tsrianta agus an dícháilicháin go mion in Aguisín B leis an Leabhrán seo.

2.3 Cineálacha Stiúrthóir Cuideachta

Tá liostaithe anseo thíos catagóirí dlíthiúla stiúrthóirí cuideachta.

Cúlstiúrthóirí

Amach uathu sin atá ceaptha go foirmeálta mar stiúrthóirí meastar mar ‘chúlstiúrthóir’ aon duine, seachas comhairleoir gairmiúil, a ngníomhaíonn na stiúrthóirí de réir a t(h) reoracha de ghnáth. Lena rá i mbriathra eile, sa chás go bhfeidhmíonn duine nach stiúrthóir é/i tionchar ar stiúrthóirí na cuideachta oiread is gur gnách do stiúrthóirí na cuideachta bheith ag gníomhú faoi réir theagasc an duine sin is cúlstiúrthóir atá sa duine sin. An rud suntasach le bheith ina chúlstiúrthóir is ea go bhfuil ag

¹ Alt 174 d'Acht na gCuideachtaí, 1963.

an gcúlstiúrthóir go leor de na freagrachtaí dlíthiúla atá ag stiúrthóir².

Stiúrthóirí Ionaid

Foráiltear sna hairteagail foirme caighdeánaí i dTábla A do ‘stiúrthóirí ionaid’. Is daoine iad na stiúrthóirí ionaid atá ainmnithe ag stiúrthóirí chun gníomhú ina n-ionad nuair a bhíonn siad as láthair. Ní féidir stiúrthóirí ionaid a cheapadh mura n-aontaíonn tromlach na stiúrthóirí leis an gceapachán.

Stiúrthóirí De Facto

Is duine é an ‘stiúrthóir de facto’ nach bhfuil ceaptha go bailí nó atá dícháilithe ach atá i seilbh oifige an stiúrthóra iarbhír agus a ghníomhaíonn amhlaidh is dá mba stiúrthóir é. Cé gur féidir nach bhfuil a leithéidí de dhaoine ceaptha go bailí tá siad laistigh de raon alt 2(1) d’Acht na bliana 1963.

De bhreis ar na catagóirí dlíthiúla stiúrthóra atá liostaithe thuas baintear úsáid i gcúrsaí gnó as téarmaí eile chun cur síos a dhéanamh ar stiúrthóirí cuideachta. Is iondúil sa ghnáthchleachtas go n-aicmítear stiúrthóirí cuideachta de réir mar a bhíonn siad ina ‘stiúrthóirí feidhmeannacha’ nó ina ‘stiúrthóirí neamhfheidhmeannacha’. Is tábhachtach a thabhairt faoi deara áfach nach aicmí dlíthiúla atá iontu san ach go ndéantar idirdhealú eatarthu de réir dea-chleachtas riaracháin chorparáidigh. Is cuma cé acu atá an duine aonair i gceist ina stiúrthóir feidhmeannach nó ina stiúrthóir neamhfheidhmeannach toisc gurb is ionann na freagrachtaí dlíthiúla atá acu araon.

Stiúrthóirí Feidhmeannacha

Stiúrthóirí cuideachta a bhíonn gafa le riarachán na cuideachta ó lá go lá atá sna stiúrthóirí feidhmeannacha. Toisc go bhfuil na daoine aonair sin gafa le riarachán na cuideachta féadfaidh sé go mbeidh teidil

shonracha acu iarbhír laistigh den chuideachta, m.sh. stiúrthóir bainistíochta, stiúrthóir airgeadais, stiúrthóir margaíochta etc.

Stiúrthóirí Neamhfheidhmeannacha

Ní bhíonn stiúrthóirí neamhfheidhmeannacha gafa le riarachán laethúil na cuideachta agus ceaptar iad ó thaobh amuigh den chuideachta. Is é an foras loighciúil atá le stiúrthóirí neamhfheidhmeannacha a cheapadh gur féidir leo guth agus dearcadh neamhspleách a thabhairt leo chuig an mbord toisc nach mbíonn siad gafa le riarachán na cuideachta ó lá go lá.

Ba chóir a thabhairt faoi deara i gcás fhormhór na gcuideachta nach bhfuil aon oibleagáid dhlíthiúil orthu stiúrthóirí neamhfheidhmeannacha a cheapadh³. Éilítear ar chuideachtaí áirithe áfach, i.e. iadsan atá liostaithe ar an Stocmhargadh go gcomhlíonfaidh siad cóid dea-chleachtas rialacháin chorparáidigh faoina n-éilítear go mbeidh stiúrthóirí neamhfheidhmeannacha ar an mbord. Gheofar breis faisnéise ar ábhar an rialachais chorparáidigh agus ar an dea-chleachtas lena mbaineann ag suíomh idirlín OSFC (www.osfc.ie).

2.4 Cad iad na Dualgais agus na hOibleagáidí atá ar Stiúrthóirí Cuideachta

Is leithne agus is éagsúla na freagrachtaí atá ar stiúrthóirí cuideachta. Eascaíonn na dualgais atá orthu as dhá fhoinsé: reacht (i.e. Achtanna an Oireachtais agus reachtaíocht eile m.sh. Rialacháin an AE) agus dlí coiteann.

De thoisc go bhfuil a bhformhór mhór de chuideachtaí Éireannacha ina gcuideachtaí príobháideacha tá méid mór cuideachtaí

² Alt 27 d’Acht na gCuideachtaí, 1990.

³ Éilítear faoi Chuid 9 de I.R. Uimh. 220 de 2010 go gcaithfidh Eintitis Leasa Sóisialta coistí iniúchta a bhunú agus nach mbeidh níos lú ná dhá stiúrthóir neamhfheidhmeannacha ina gcomhaltaí orthu.

inarb ionann na stiúrthóirí agus na comhaltaí. In imthosca dá leithéid d'fhéadfadh sé go gcothódh an t-idirdhealú idir maoin na cuideachta agus maoin an stiúrthóra/an chomhalta féin mearbhall agus go gcaitheadh stiúrthóirí le maoin na cuideachta amhail is dá mba leo féin í dá thoradh.

Bíonn caidreamh speisialta idir stiúrthóir cuideachta agus an chuideachta ar oifigeach di é. 'Caidreamh muiníneach' a thugtar ar an gcaidreamh speisialta sin agus tugtar 'muiníneach' ar an stiúrthóir. Éilítear ar mhuiníneach gníomhú ar mhodh a n-oirfidh go dleathach le cáil na hoifige agus a gcuirfidh leasanna na cuideachta chun tosaigh ar a leasanna féin. Cuirfidh sé iontas ar go leor b'fhéidir go bhfuil dualgais an stiúrthóra dlite ar an gcéad ásc don chuideachta agus nach do na comhaltaí, do na creidiúnaithe nó d'fhostaithe na cuideachta.

I gcás áfach go nglacfaidh an stiúrthóir oibleagáidí do scairsealbhóirí go sainráite, d'fhéadfadh go mbeadh caidreamh muiníneach ann idir an stiúrthóir agus iad agus dualgais mhuiníneacha dlite aige/aici dóibh. Is amhlaidh atá i gcás cuideachta bheag phríobháideach go háirithe toisc gur minic go dtéann a scairsealbhóirí go dtí na stiúrthóirí le haghaidh comhairle.

I gcás go mbeidh cuideachta dócmhainneach (i.e. nach bhfuil sí in ann a fiacha a íoc de réir mar a bheidh a ré istigh) beidh dualgas dlite ar stiúrthóir do chreidiúnaithe na cuideachta (i.e. na daoine a bhfuil airgeadh dlite dóibh ag an gcuideachta).

Beidh oibleagáid ar stiúrthóir freisin féachaint do leasanna fhostaithe na cuideachta. Ach ní fheadfaidh na fostaithe féin an dualgas sin a fhorfheidhmiú agus ina áit sin is dualgas é atá dlite don chuideachta⁴.

2.5 Dualgais Stiúrthóirí faoi Dhlí Coiteann

Is féidir dualgais stiúrthóirí faoi dhlí coiteann a choimriú ina dtrí phrionsabal:

- I. Ní mór do stiúrthóirí a gcumhachtaí a fheidhmiú le hintinn mhaith agus chun leasa na cuideachta ina hiomláine. Ní ceart do stiúrthóirí a gcumhachtaí a mhí-úsáid. Ní mór dóibh a gcumhachtaí a fheidhmiú i bhfabhar leasanna na cuideachta ina hiomláine nó na gcomhaltaí ina n-iomláine de réir a meas ionraic féin ar cad iad na leasanna sin, seachas iad a fheidhmiú i bhfabhar leasanna comhalta nó comhaltaí áirithe.
- II. Níl sé ceadaithe do stiúrthóirí brabús neamhnochta a dhéanamh as a bpost mar stiúrthóirí agus ní mór dóibh cuntas a thabhairt in aon bhrabús a thagann chucu de thoradh an phoist atá acu mar stiúrthóirí. Ná meastar go huathoibríoch gur sárú é ar dhualgais an stiúrthóra bheith gafa le gnó atá in iomaíocht leis an gcuideachta ar stiúrthóir uirthi é/í. Ach sa chás go bhfuil Conradh fostaíochta nó Conradh seirbhíse ag stiúrthóirí leis an gcuideachta d'fhéadfadh sé gur sárú ar a ndualgais dílseachta i leith na cuideachta a bheadh ann dá ndéantaí sin.
- III. Beidh oibleagáid ar stiúrthóirí a bhfeidhmeanna a fheidhmiú le haire, le scil agus le dícheall cuí. Beidh stiúrthóir faoi dhliteanas maidir le haon chailleanas is toradh ar iompar faillíoch. In ainneoin sin ní gá go léireodh stiúrthóir níos mó scile ná mar a bheifí ag súil leis go réasúnta ó dhuine i seilbh an eolais nó an tairthí atá aige/aici.

De ghnáth bíonn údar maith leis má tharmligeann stiúrthóir dualgais d'oifigigh eile na cuideachta (m.sh. do lucht riartha na cuideachta) sa chás gur féidir dualgais dá leithéid a fhágáil faoina leithéidí d'oifigigh go cuí ag féachaint d'airteagail chomhlachais na

⁴ Alt 52 d'Acht na gCuideachtaí, 1990.

cuideachta agus do chineál an gnó a bhíonn ar súl aici. Cé nach n-éilítear ar stiúrthóir aird leanúnach a thabhairt do chúrsaí na cuideachta ba chóir dó/di freastal ar chruinnithe sa chás go meastar agus réasún leis go bhfuil sé nó sí in ann é sin a dhéanamh.

Sa chás go mí-úsáideann stiúrthóir na cumhachtaí atá aige/aici beidh aon ghníomh a dhéanfar neamhbhailí ach féadfaidh cruinniú ginearálta de chomhaltaí na cuideachta é a dhaingniú ina dhiaidh sin.

2.6 Dualgais Reachtúla Stiúrthóirí

Eascraíonn Dualgais Reachtúla Stiúrthóirí as Achtanna na gCuideachtaí 1963-2009 agus as reachtaíocht ghaolmhara, m.sh. Rialacha an A.E. etc. Tá treoir sa rannán seo maidir leis na príomhdhualgais a fhorchuirtear trí reacht.

2.6.1 Dualgais mar Oifigeach Cuideachta

Mar oifigeach cuideachta beidh dualgas ar stiúrthóir a (h)oibleagáidí faoi Achtanna na gCuideachtaí a chomhlíonadh agus a chinntiú go mbeidh ceangail Achtanna na gCuideachtaí á gcomhlíonadh ag an gcuideachta. Beidh stiúrthóir ag sárú an dualgais sin sa cás go n-údaráíonn nó go gceadaíonn sé/sí mainneachtain.

Measfar go bhfuil mainneachtain na cuideachta ceadaithe ag stiúrthóir mura bhfuil an stiúrthóir in ann a chruthú gur ghlac sé/sí gach beart réasúnta lena chosc nó mura raibh sé/sí in ann é a cosc de bharr imthosca nach raibh neart aige/aici orthu⁵.

Sa chás go bhfreagraíonn stiúrthóir ceist nó go ndéanann sé/sí ráiteas nó go dtugann sé/sí doiciméad ar aird i gcomhlíonadh airbheartaithe fhoráil d'Achtanna na gCuideachtaí agus a fhios aige/aici to bhfuil sé falsa nó meargánta beidh sé/sí ag sárú na nAchtanna.

2.6.2 Dualgas Leabhair Chúí Chuntas a Choinneáil⁶

Faoi alt 202 d'Acht na gCuideachtaí, 1990 arna leasú, éilítear ar gach cuideachta leabhair chúí chuntas a choinneáil. Éilítear ar stiúrthóirí na cuideachta a chinntiú go gcomhlíonfar an ceangal seo. Is coir coiriúil a bheidh ann má chliseann ar aon stiúrthóir cuideachta gach beart réasúnta a dhéanamh chun a chinntiú go gcomhlíonfar an ceangal sin.

Maidir le leabhair chúí chuntas ba cheart:

- go ndéanfaí taifead cruinn agus go dtabharfaí míniú beacht iontu ar idirbhearta na cuideachta;
- go bhféadfaí staid airgeadais na cuideachta a dhearbhuí iontu am ar bith go réasúnta cruinn;
- go gcuirfeadh siad ar chumas stiúrthóirí na cuideachta a chinntiú go bhfuil an clár comhardaithe agus an cuntas brabúis agus cailteanais ag comhlíonadh fhorálacha Achtanna na gCuideachtaí, agus;
- go gcumasódh siad iniúchadh réidh agus cuí ar na cuntais.

Ní mór leabhair chúí chuntas a choinneáil ar bhonn leanúnach agus comhsheasmhach. Is é sin le rá gur chóir go ndéanfaí na hiontrálacha iontu ar mhodh tráthúil agus go mbeadh siad comhsheasmhach ó bhliain go chéile. Maidir leis na leabhair chuntas foráiltear in Alt 202 d'Acht na bliana 1990 gur cheart go mbeidh iontu:

- iontrálacha ó lá go lá de gach suimairgid a fuair agus a chaith an chuideachta maille le cur síos ar cad leo ar bhain na fáлтаis agus an caiteachas;
- taifead ar shócmhainní agus ar dhliteanais na cuideachta;

5 Alt 383 d'Acht na gCuideachtaí, 1963 arna leasú.

6 Féach freisin Aguisín E le Leabhrán Faisnéise 1 – Cuideachtaí.

- sa chás go mbaineann gnó na cuideachta le déileálacha in earraí (i.e. stoic):
 - taifead ar na hearraí uile a ceannaíodh agus a díoladh (cé is moite de na hearraí a díoladh ar airgead tirim tríd an ngnáth-thrádáil mhiondíola) ina léirítear sonraí leordhóthanacha amhlaidh a bhéarfaidh go bhféadfar na hearraí, na díoltóirí agus na ceannaitheoirí a ainmiú agus taifead ar na sonraisc uile a bhaineann lena leithéidí de cheannacháin agus de dhíolacháin, agus;
 - ráiteas maidir leis an stoc a bheidh á choinneáil ag an gcuideachta ag deireadh gach bliain airgeadais agus taifid uile na stocáireamh ar a bhfuil ráitis dá leithéid bunaithe.
- sa chás go mbaineann gnó na cuideachta le soláthar seirbhísí, ní mór taifead a choinneáil ar na seirbhísí uile a cuireadh ar fáil agus ar na sonraisc uile a bhaineann leis na seirbhísí sin.

Ba cheart go gcoinneofaí na leabhair chuntas ag oifig chláraithe na cuideachta nó ag cibé ionaid eile a mheasfaidh na stiúrthóirí a bheith cuí.

I gcás go bhfuil cuideachta nach bhfuil in ann a fiacha a íoc de réir mar a bhíonn a ré istigh á foirceannadh (á díscáileadh go dleathach), agus gur chlis ar an gcuideachta sin leabhair chúí chuntas a choinneáil, féadfaidh an Chúirt, má tá sí sásta go raibh an loiceadh leabhair chúí chuntas a choinneáil ar na cúiseanna nach raibh an cuideachta in ann a fiacha a íoc, a mheas go bhfuil mainneachtain déanta ag gach stiúrthóir agus go bhfuilídís uile ciontach i gcion. De bhreis air sin féadfaidh an Chúirt na stiúrthóirí a chur faoi dhliteanas pearsanta maidir le fiacha na cuideachta⁷.

2.6.3 Dualgas Cuntais Bhliantúla a Ullmhú (Ráitis Airgeadais)

Go ginearálta éilítear ar chuideachtaí (agus ar stiúrthóirí) cuntais a ullmhú ar bhonn bliantúil.

Ullmhófar na cuntais bhliantúla ar bhonn na faisnéise i leabhair chuntas na cuideachta agus ar bhonn faisnéise ábhartha eile nach í. Éilítear go dtabharfar léargas fíorcheart ar chúrsaí na cuideachta sna cuntais sin⁸ (ar a dtugtar ráitis airgeadais freisin); cuimsíonn siad de ghnáth na taifid a leanas, cuid acu a éilítear de réir dlí agus cuid eile acu a éilítear i gcomhréir le caighdeáin chuntasaíochta:

- Cuntas brabúis agus cailteanais: Taifeadtar ansan ioncam agus caiteachas na cuideachta thar thréimhse áirithe agus léirítear ann an brabús agus an cailteanas a eascraíonn as gníomhaíochtaí na cuideachta;
- Clár comhardaithe: taifead ar shócmhainní agus ar dhliteanais na cuideachta ag pointe ama faoi leith atá ann;
- Ráiteas faoi shreabhadh airgid: is ráiteas é seo maidir leis an sreabhadh airgid isteach sa chuideachta agus leis an sreabhadh amach aisti thar thréimhse ama. Éilítear é de réir na gcaighdeán cuntasaíochta ach ní éilítear é i gcás cuideachtaí ‘beaga’ (tá na critéar nach mór a shásamh le go gcáileofar mar chuideachta bheag leagtha amach in Aguisín A le Leabhrán Faisnéise 1 – Cuideachtaí);
- Nótaí a ghabhann le ráitis airgeadais: tá faisnéis mhionsonraithe iontu maidir leis an gcuntas brabúis agus cailteanais agus maidir leis an gclár comhardaithe nó an ráiteas um shreabhadh airgid m.sh. anailís ar shócmhainní seasta agus ar luachlaghdú;

8 Níl an téarma ‘léargas fíorcheart’ sainmhínithe sa dlí. Glactar i gcoitinne mar sin féin go dtabharfaidh sraith de ráitis airgeadais léargas fíorcheart má ullmhaítear iad de réir (i) fhorálacha Achtanna na gCuideachtaí, agus (ii) na gcaighdeán cuntasaíochta.

7 Ailt 203 agus 204 d’Acht na gCuideachtaí, 1990.

- Tuarascáil na Stiúrthóirí: Éilítear ar stiúrthóirí tuarascáil a cheangal mar Aguisín leis na cuntais; tuarascáil na stiúrthóirí a thugtar uirthi⁹. Tuarascáil do chomhaltaí na cuideachta ó na stiúrthóirí atá inti. Éilítear go ndíreoidh sí ar chúrsaí áirithe, mar atá:
 - an riocht a bhfuil cúrsaí na cuideachta. Ba cheart díriú sa tuarascáil, a oiread agus is gá chun staid iarbhrí chúrsaí na cuideachta a dhéanamh amach, ar aon athruithe ar shaintréith ghnó na cuideachta i rith na bliana;
 - athbhreithniú ceart ar fhorbairt an ghnó i gcaitheamh na bliana airgeadais;
 - sonraí aon imeachtaí tábhachtacha a tharla ó cheann na bliana roimhe i leith agus a chuaigh i gcion ar an gcuideachta;
 - táscaire ar fhorbairtí is dóigh a tharlóidh amach anseo maidir le gnó na cuideachta;
 - táscaire ghníomhaíochtaí na cuideachta i réimse na taighde agus na forbartha, más ann dóibh;
 - méid na díbhinne a molann na stiúrthóirí gur cheart go n-íocfaí, má íocfar;
 - na bearta atá déanta ag na stiúrthóirí lena chinntiú go gcomhlíonfaidh an chuideachta an ceangal leabhair chuí chuntas a choinneáil, agus;
 - sainiú beacht ar an ionad a bhfuil na leabhair chuntas coinnithe.

2.6.4 Dualgas Iniúchadh Bliantúil a Fháil Déanta

I ndiaidh do na stiúrthóirí na ráitis airgeadais a ullmhú beidh oibleagáid orthu faoin dlí de ghnáth iniúchadh a fháil déanta orthu ar a laghad uair sa bhliain. Is éard atá i gceist le hiniúchadh scrúdú neamhspleách a dhéanann saineolaí neamhspleách (iniúcháir) ar na

ráitis airgeadais. I ndiaidh dó an iniúchadh a dhéanamh ar na ráitis airgeadais éilítear ar an iniúcháir tuarascáil a chur chuig comhaltaí na cuideachta. Éilítear ar an iniúcháir go nochtfaidh sé tuairim sa tuarascáil sin ar roinnt ábhar ar a n-áirítear mar shampla cé acu an dtugann na ráitis airgeadais léargas fíorcheart ar chúrsaí na cuideachta nó nach dtugann, agus cé acu an bhfuil na ráitis airgeadais ag teacht leis na leabhair chuntas is bonn taca leo nó nach bhfuil. Pléitear an t-ábhar a n-éilítear go dtuairisceoidh na hiniúcháirí go mion i Leabhrán Faisnéise 5 – Iniúcháirí.

Is féidir le cuideachtaí áirithe díolúine a fháil ón gceangal iniúchadh bliantúil a fháil déanta a fhad is a chomhlíonann siad coinníollacha áirithe¹⁰. Tá na critéir nach mór a shásamh leagtha amach i Leabhrán Faisnéise 1 (rannán 2.10.3).

2.6.5 Dualgas Cláir Áirithe agus Doiciméid eile a Choinneáil

Tá oibleagáid faoin dlí ar gach cuideachta cláir áirithe agus doiciméid eile a choinneáil. Beidh stiúrthóirí cuideachta freagrach as cinnte a dhéanamh de go gcomhlíonann cuideachtaí a n-oibleagáid maidir leis sin agus dá réir beidh stiúrthóirí freagrach as cinnte a dhéanamh de go gcoinneofar na taifid sin, go dtabharfar chun dáta iad mar is cuí agus go gcuirfear ar fáil iad do na páirtithe cuí.

Beidh stiúrthóirí freagrach as cinnte a dhéanamh de go mbeidh na cláir agus an doiciméadú eile a leanas coinnithe ag an gcuideachta:

- clár na gcomhaltaí;
- clár na stiúrthóirí agus na rúnaithe;
- clár leasanna na stiúrthóirí agus na rúnaithe;
- clár sealbhóirí bintíúir;

⁹ Éilítear Tuarascáil na Stiúrthóirí de réir Alt 158 d'Acht na gCuideachtaí, 1963 arna leasú. Forordaítear an t-ábhar a bheidh ann trí Alt 158 d'Acht na bliana 1963 agus trí ailt 13 agus 14 d'Acht na gCuideachtaí (Leasú) 1986.

¹⁰ Tá na critéir agus na nósanna imeachta maidir le díolúine ó iniúchadh leagtha amach i gCuid III d'Acht na gCuideachtaí (Leasú) (Uimh. 2), 1999, arna leasú.

- leabhair mhiontuairisce;
- conarthaí seirbhíse stiúrthóirí;
- conarthaí maidir le ceannach scaireanna dílse;
- clár leasanna pearsana ina scaireanna (cuideachtaí teoranta poiblí amháin).

Ba cheart do stiúrthóirí dul i muinín rannán 2.10.4 de Leabhrán Faisnéise 1 ina bhfuil an fhaisnéis a n-éilítear a cuimsiú sna cláir sin mionsonraithe.

2.6.6 Dualgas Doiciméid Áirithe a Chomhdú le Cláraitheoir na gCuideachtaí

Tá oibleagáid dhlíthiúil ar stiúrthóirí cuideachta doiciméid áirithe a chomhdú le Cláraitheoir na gCuideachtaí. Éilítear ar gach cuideachta cuid acu sin a chomhdú, m.sh. an tuairisceán bliantúil ach ní éilítear ceanna eile a chomhdú ach in imthosca áirithe m.sh. i gcás bás stiúrthóra.

A thúsce a chlárófar leis an gCláraitheoir iad is doiciméid poiblí a bheidh iontu agus beidh cead ag gach ball den phobal iad a iniúchadh ag Oifig Chláraitheoir na gCuideachtaí. Tá leagtha amach thíos liosta de na doiciméid is coitianta a n-éilítear a gclárú leis an gCláraitheoir.

- Tuairisceán bliantúil¹¹;
- Athrú oifig chláraithe;
- Fógra maidir le méadú ar chaipiteal ainmniúil (údaraithe);
- Athrú stiúrthóra agus/nó rúnaí nó athrú ar a sonraí;
- Dearbhú go bhfuil duine scortha de bheith ina stiúrthóir nó ina rúnaí;
- Fógra go bhfuil duine i seilbh oifig stiúrthóra nó rúnaí básaithe;
- Ainmniúchán dáta tuairisceáin bhliantúil nua;

11 Pléitear an tuairisceán bliantúil agus an t-ábhar a bheidh ann in Aguisín A le Leabhrán Faisnéise 1 – Cuideachtaí.

- Fógra maidir le bunú morgáiste nó muirir;
- Meabhrán cúiteamh muirir;
- Gnáthrún (féach Leabhrán Faisnéise 4 – Comhaltaí agus Scairshealbhóirí);
- Rún Speisialta (féach Leabhrán Faisnéise 4 – Comhaltaí agus Scairshealbhóirí).

2.6.7 Dualgas maidir le Nochtadh

Éilítear ar stiúrthóirí gach a leanas a nochtadh:

- faisnéis phearsanta áirithe i gclár na stiúrthóirí agus na rúnaithe. Ar an bhfaisnéis a éilítear beidh: ainm, dáta breithe, náisiúntacht, slí bheatha agus sonraí stiúrthóireachtaí eile¹²;
- leasanna i scaireanna na cuideachta nó i scaireanna cuideachtaí gaolmhara i gclár leasanna na stiúrthóirí¹³;
- íocaíochtaí nach mór a íoc dóibh i gcás aistriú scaireanna¹⁴;
- ní mór go mbeidh fáil ag gach comhalta cuideachta ar chonarthaí seirbhíse stiúrthóirí leis an gcuideachta lena n-iniúchadh¹⁵;
- i gcás go bhfuil leas ar bith ag stiúrthóir i gconradh nó i gconradh atá beartaithe leis an gcuideachta éilítear orthu cineál an leasa sin a dhearbhu ag cruinniú de stiúrthóirí na cuideachta¹⁶. Chun críocha an éilimh sin measfar go mbeidh fógra ginearálta a thabharfar do na stiúrthóirí eile ina dhearbhu leordhóthanach den leas sin.

2.6.8 Dualgas Cruinnithe Ginearálta na Cuideachta a Thionól

Foráiltear do dhá chineál cruinniú cuideachta mar atá Cruinniú Ginearálta Bliantúil, agus Cruinniú Ginearálta Urghnách. Cruinnithe de na comhaltaí agus de na stiúrthóirí atá sna

12 Alt 195 d'Acht na gCuideachtaí, 1963.

13 Alt 53 d'Acht na gCuideachtaí, 1990.

14 Alt 188 d'Acht na gCuideachtaí, 1963.

15 Alt 50 d'Acht na gCuideachtaí, 1990.

16 Alt 194 d'Acht na gCuideachtaí, 1963 arna leasú.

cruinnithe ginearálta bliantúla ina bpléitear gnó áirithe de chuid na cuideachta.

Cruinniú Ginearálta Bliantúil (CGB)

De ghnáth éilítear ar gach cuideachta cruinniú ginearálta bliantúil (CGB) a thionól ar bhonn bliantúil¹⁷. Ní ceart go mbeadh níos mó ná 15 mhí idir gach cruinniú. An t-aon eisceacht maidir leis an éileamh CGB a thionól is ea cás na cuideachta príobháidí teoranta aonchomhalta, inar féidir leis an gcomhalta aonair cinneadh a dhéanamh an CGB a ligean thar ceal¹⁸. Ní mór an CGB a thionól sa Stát mura bhforáiltear a mhalairt sna hairteagail nó sa chás go bhfuil comhaltaí na cuideachta ar aon fhocal faoina mhalairt.

Éilítear ar na stiúrthóirí ráitis airgeadais iniúchta a chur faoi bhráid na gcomhaltaí ag gach CGB (nó ráitis airgeadais neamhiniúchta sa chás go bhfuil an chuideachta i dteideal agus go bhfuil cinneadh déanta aici áis a bhaint as an díolúine ó iniúchadh do chuideachtaí beaga – féach Leabhrán Faisnéise 1, rannán 2.10.3). Ní mór tuarascáil ó na stiúrthóirí a cheangal freisin leis na ráitis airgeadais a chuirfear faoi bráid na gcomhaltaí ag an CGB (tá na hábhair nach mór díriú orthu i dtuarascáil na stiúrthóirí leagtha amach i rannán 2.6.3 thuas).

Cruinnithe Ginearálta Urghnácha (CGU)

Mar is léir ón téarma is cúrsaí atá lasmuigh den ghnáthghnó a phléitear ag an CGB a phléitear ag an gcruinniú ginearálta urghnách (CGU). In imthosca áirithe iarrfar ar stiúrthóirí cuideachta CGU na cuideachta a thionól, m.sh. beidh dualgas ar stiúrthóirí CGU a thionól sa chás go bhfuil sócmhainní glana na cuideachta (i.e. sócmhainní iomlána lúide dliteanais iomlána)

tite faoi bhun 50% nó níos lú dá scairchaipiteal glaoite¹⁹. I gcás go bhfuil na himthosca amhlaidh éilítear ar na hiniúcháirí (sa chás go bhfuil iniúchadh déanta) a lua ina dtuarascáil iniúchta, go bhfuil siad den tuairim go bhfuil CGU de dhíth.

2.6.9 Dualgais Stiúrthóirí maidir le hIdirbhearta Idir na Stiúrthóirí agus an Chuideachta

Beidh freagrachtaí agus oibleagáidí áirithe ar stiúrthóirí tráth a rachaidh siad i mbun idirbhearta leis an gcuideachta dá bhfuil siad ina stiúrthóirí. I gcás go bhfaighidh stiúrthóir cuideachta nó stiúrthóir dá cuideachta sealbhaíochta (i.e. cuideachta ar léi 50% de scaireanna na cuideachta atá i gceist) nó duine atá ceangailte²⁰ le stiúrthóir sócmhainn ó chuideachta, nó i gcás go ndíolfaidh sé sócmhainn do chuideachta, agus go bhfuil luach na sócmhainne sin os cionn:

- €63,487 nó;
- 10% de shócmhainní glana na cuideachta arna chinneadh trí thagairt a dhéanamh do na cuntais a ullmhaíodh agus a cuireadh faoi bhráid an CGB i ndáil leis an mbliain airgeadais is deireanaí roimhe sin inar cuireadh cuntais faoi bhráid an CGB amhlaidh (nó an scairchaipiteal glaoite sa chás nár ullmhaíodh ná nár cuireadh cuntais ar bith)

ní mór an socrú a fhaomhadh roimh ré trí rún na cuideachta i gcruinniú ginearálta²¹. Nóta: ní

¹⁷ Alt 131 d'Acht na gCuideachtaí, 1963 arna leasú.

¹⁸ Rialachán 8(1) de Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Cuideachta Teoranta Príobháideacha Aonchomhalta), 1994, (I.R. Uimh. 275 de 1994). Le haghaidh breis faisnéise ar fhorálacha I.R. Uimh. 275 de 1994, féach Aguisín F le Leabhrán Faisnéise 1 – Cuideachtaí.

¹⁹ Alt 40 d'Acht na gCuideachtaí (Leasú), 1983.

²⁰ Tá duine ceangailte le stiúrthóir cuideachta má tá sé nó sí ina neasghaol don stiúrthóir, i bpáirtíocht gnó leis an stiúrthóir nó má tá sé nó sí ag feidhmiú mar iontaobhaí in iontaobhas arb iad an stiúrthóir, a neasghaolta, nó cuideachta atá faoina stiúir na príomhthairbhíthe ann. Tá ceangal idir cuideachta agus stiúrthóir má tá an chuideachta stiúrtha ag an stiúrthóir sin. Ina theannta sin meastar go bhfuil an t-aon chomhalta i gcuideachta aonchomhalta ceangailte le stiúrthóir na cuideachta sin.

²¹ Alt 29 d'Acht na gCuideachtaí, 1990.

bheidh feidhm ag an gceangal sin mura mbeidh an méid i gceist níos mó ná €1,270.

Más stiúrthóir den chuideachta shealbhaíochta an stiúrthóir nó an duine cheangailte nó más duine é a bhfuil ceangal lena leithéid de stiúrthóir ní mór an socrú a fhaomhadh trí rún i gcruinniú ginearálta den chuideachta shealbhaíochta.

I gcás go rachaidh cuideachta i mbun idirbhirt de shárú ar an bhforáil sin beidh an socrú in-neamhnithe ar thionscnamh na cuideachta (i.e. féadfaidh sé bheith curtha ar neamhní) faoi réir eisceachtaí áirithe.

De ghnáth toirmiscear ar chuideachta iasacht nó gariasacht (i.e. idirbheart ar iasacht é iarbhír ach gan an t-ainm sin air) do stiúrthóir cuideachta nó dá cuideachta sealbhaíochta nó do dhuine ceangailte. Toirmiscear uirthi freisin dul i mbun idirbheart creidmheasa nó i mbun ráthaíochta thar ceann duine dá leithéid agus urrús a sholáthar maidir lena leithéid d'idirbheart²². Tá an riail ghinearálta sin faoi réir roinnt eisceachtaí agus cosaintí agus tá a sonraí siúd leagtha amach thíos faoi:

- Ní bhaineann an toirmeasc ginearálta le hiasachtaí nó le gariasachtaí nó le hidirbhearta creidmheasa sa chás go bhfuil luach comhiomlán an tsocraithe agus an méid/na méideanna atá fós gan bheith íochta ó aon socrúithe eile dá leithéid níos lú ná 10% de shócmhainní glana na cuideachta arna chinneadh trí thagairt a dhéanamh do na cuntais a ullmháodh agus a cuireadh faoi bhráid an CGB i ndáil leis an mbliain airgeadais is deireanaí roimhe sin inar cuireadh cuntais faoi bhráid an CGB amhlaidh (nó níos lú ná 10% den scairchaipiteal glaoite sa chás nár ullmháodh nó nár cuireadh cuntais ar bith faoina bhráid)²³. Sa chás áfach go bhfuil an méid/na méideanna atá fós gan bheith íochta faoi

aon socrú/socrúithe dá leithéid níos mó ná 10% de shócmhainní glana na cuideachta ar chúis ar bith ar a n-áirítear go bhfuil luach na sócmhainní tite, éilítear ar na stiúrthóirí téarmaí na socrúithe lena mbaineann a leasú taobh istigh de dhá mhí ón dáta ar léir dóibh an chaoi ina raibh cúrsaí d'fhonn na hiasachtaí a thabhairt ar ais faoi bhonn na teorann²⁴.

- Ní chuirfidh an toirmeasc ginearálta aon chuideachta faoi bhac ó ráthaíocht a dhéanamh nó ó urrúis a chur ar fáil maidir le hiasacht, le gariasacht nó le hidirbheart creidmheasa a dhéanfaidh aon duine eile thar ceann stiúrthóir cuideachta nó thar ceann stiúrthóir a cuideachta sealbhaíochta²⁵:
 - más rud é go ndéanfar an ráthaíocht nó go soláthrófar an t-urrús faoi údarás rún speisialta na cuideachta, agus;
 - gur chuir an chuideachta dearbhú reachtúil ar fáil gach uair a fógraíodh cruinniú ginearálta chun an t-ábhar a bhreithniú, inar leagadh amach an fhaisnéis a leanas;
 - na himthosca ina ndéanfar an ráthaíocht nó ina gcuirfear an urrús ar fáil;
 - cineál na ráthaíochta nó an urrúis;
 - an duine/na daoine a gheobhaidh nó a dhéanfaidh an iasacht, an ghariasacht nó an t-idirbheart creidmheasa;
 - cad le haghaidh a mbeidh an chuideachta ag déanamh an ráthaíochta nó ag cur an urrúis ar fáil;
 - an sochar a thitfidh chuig an gcuideachta go díreach nó go hindíreach as ráthaíochta a dhéanamh nó as urrús a chur ar fáil;
 - go ndearna na daoine a rinne an dearbhú fiosrúchán iomlán ar chúrsaí

²² Alt 31 d'Acht na gCuideachtaí, 1990.

²³ Alt 32 d'Acht na gCuideachtaí, 1990.

²⁴ Alt 33 d'Acht na gCuideachtaí, 1990 arna leasú.

²⁵ Alt 34 d'Acht na gCuideachtaí, 1990 arna leasú.

na cuideachta agus go bhfuil siad den tuairim tar éis sin a bheith déanta acu go mbeidh an chuideachta in ann, i ndiaidh di an ráthaíocht a dhéanamh nó an t-urrús a sholáthar, a fiacha a íoc de réir mar a bheidh a ré istigh.

Ní mór an dearbhú reachtúil a chur isteach chuig Cláraitheoir na gCuideachtaí agus éilítear go gcuirfear isteach leis tuarascáil ó iniúchóirí na cuideachta ina nochtann siad tuairim maidir le réasúntacht an dearbhaithe.

Sa chás go ndéanann stiúrthóir cuideachta dearbhú reachtúil dá leithéid agus gan forais réasúnacha aige leis an tuairim go mbeidh an chuideachta, tar éis di an ráthaíocht a dhéanamh nó an t-urrús a sholáthar, in ann a fiacha a íoc de réir mar a bheidh a ré istigh, beidh an t-idirbheart in-neamhnaithe (inchealaithe) ar thionscnamh na cuideachta. Ina theannta sin féadfaidh an stiúrthóir sin bheith faoi dhliteanas pearsanta (gan aon teorainn leis an dliteanas) maidir le haon fiacha nó le fiacha uile na cuideachta. Ar an dóigh céanna má fhoirceanntar an chuideachta laistigh de 12 mhí ar éis don dearbhú reachtúil a bheith déanta agus má tá a fiacha gan bheith íoctha measfar (mura suífear a mhalairt) nach raibh forais réasúnacha ag an stiúrthóir leis an tuairim sin.

- ní chuirfidh an toirmeasc ginearálta bac ar chuideachta ó iasacht nó ó ghariasacht a thabhairt do chuideachta ar bith ar cuideachta shealbháíochta nó fochuideachta di í, nó ar fochuideachta dá cuideachta shealbháíochta í, nó ó ráthaíocht a dhéanamh nó ó aon urrús a sholáthar maidir le hiasacht nó le gariasacht a thug aon duine do aon chuideachta ar cuideachta shealbháíochta nó fochuideachta di í nó ar fochuideachta dá cuideachta shealbháíochta í. Beidh a mhacasamhail d'eisceacht infheidhme sa chás a go ndéanfar idirbheart mar chreidiúnaí²⁶.

2.6.10 Dualgais Stiúrthóirí Cuideachtaí faoi Leachtú agus Stiúrthóirí Cuideachtaí Dócmhainneacha

Beidh roinnt dualgas agus freagrachtaí ar stiúrthóirí sa chás go mbeidh an chuideachta ar stiúrthóir de iad:

- dócmhainneach i.e. neamhábalta a fiacha a íoc de réir mar a bhíonn a ré istigh, nó;
- faoi leachtú (i.e. á díscaoileadh de réir dlí).

Dualgais Stiúrthóirí Cuideachtaí Dócmhainneacha

I gcás go gcinnteofar go raibh aon airgead nó aon mhaoín na cuideachta curtha chun mí-úsáide ag stiúrthóir cuideachta dócmhainneach (i.e. cuideachta nach raibh in ann a fiacha a íoc de réir mar a bhí a ré istigh) nó i gcás gur fheidhmigh an stiúrthóir sin a (h)údarás dleathach go mícheart nó gur sháraigh sé nó sí a dualgas muiníne maidir leis an gcuideachta féadfar imeachtaí dlí a thionscnamh chun airgead nó maoin dá leithéid a chailtear amhlaidh a aisghabháil nó chun íocaíocht a fháil a chúiteoidh a luach.

Féadfaidh stiúrthóir bheith faoi dhliteanas pearsanta freisin (gan teorainn leis an dliteanas) maidir le fiacha na cuideachta má chinntítear go raibh sé/sí faoi dliteanas maidir le trádáil mheargánta²⁷. Measfar go raibh oifigeach cuideachta ciontach i dtrádáil mheargánta más amhlaidh go:

- raibh sé/sí ina p(h)áirtí i ngnó a sheoladh ar cheart dó/di beith feasach faoi, ag féachaint don eolas ginearálta, don scil agus don taithí a bhí gnóthaithe aige/aici, gur chúis chaillteanais a bheadh ann do na comhaltaí nó d'aon duine díobh nó don chuideachta, nó;
- go raibh sé/sí ina pháirtí d'fhiach a ghlac an chuideachta uirthi féin agus nár chreid sé/sí go macánta go mbeadh an chuideachta in ann an fiach a íoc ar ais ag an am dlite.

²⁶ Alt 35 d'Acht na gCuideachtaí, 1990 arna leasú.

²⁷ Alt 297A d'Acht na gCuideachtaí, 1963 arna chur isteach.

Ar an dóigh chéanna sa chás go gcinntítear go bhfuil stiúrthóir ciontach as trádáil chalaioiseach féadfaidh an stiúrthóir sin bheith faoi dhliteanas pearsanta (gan teorainn leis an dliteanas) maidir le fiacha na cuideachta²⁸. Ach ó tharla gur coir choiriúil atá i dtrádáil chalaioiseach féadfar fineáil nó téarma príosúnachta a ghearradh freisin ar an duine a chiontaítear sa chion sin²⁹. Beidh duine ar bith ciontach i dtrádáil chalaioiseach má tá an duine sin feasach faoi go bhfuil sé/sí ag seoladh gnó cuideachta agus é ar a intinn aige/aici calaois a dhéanamh ar chreidiúnaithe na cuideachta nó ar chreidiúnaithe aon duine eile.

Dualgais Stiúrthóirí Cuideachtaí faoi Leachtú

I gcás go mbeidh cuideachta á foirceannadh (i.e. faoi leachtú), beidh dualgas ar stiúrthóirí na cuideachta comhoibriú leis an leachtaitheoir (an té atá ceaptha chun an chuideachta a leachtú – pléitear topaic an leachtaitheora agus an fhoirceanta go mion i Leabhrán Faisnéise 7 – Leachtaitheoirí, Glacadóirí & Scrúdaitheoirí).

I gcás go moltar an chuideachta a chur faoi leachtú deonach comhaltaí beidh dualgas ar an stiúrthóir dearbhú cruinn sócmhainneachta a dhéanamh³⁰. Gné thábhachtach de leachtú deonach comhaltaí is ea go gcaithfidh an chuideachta bheith sócmhainneach, i.e. go mbeidh sí in ann a fiacha a íoc de réir mar a bhíonn a ré istigh. Éilítear dá réir ar na cuideachtaí, nó ar a bhformhór díobh ráiteas faoi mhionn a eisiúint go bhfuil an chuideachta sócmhainneach. Ní mór go gceanglófar leis an dearbhú sócmhainneachta tuarascáil ó dhuine neamhspleách atá cáilithe chun gníomhú mar iniúchóir na cuideachta. Éilítear ar an duine neamhspleách sin tuairim a fhoirmiú maidir le réasúntacht an ráitis sócmhainneachta.

Sa chás go bhfuil cuideachta dócmhainneach iarbhír, contrártha leis an dearbhú sócmhainneachta (i.e. neamhábaltá a fiacha a íoc) féadfar stiúrthóir cuideachta a chur faoi dhliteanas pearsanta maidir le roinnt d'fhiacha na cuideachta nó maidir leo uile³¹. Ina theannta sin i gcás nach bhfuil fiacha cuideachta íoctha nó nach raibh soláthar déanta dóibh ar feadh 12 mhí roimh thús fhoirceannadh deonach na gcomhaltaí, measfar nach bhfuil forais réasúnta le tuairim na stiúrthóirí go raibh an chuideachta sócmhainneach³².

2.7 Cumhachtaí Stiúrthóirí Cuideachta

Gníomhaíonn stiúrthóirí cuideachta thar ceann na cuideachta. Níl de chumhachtaí acu gníomhaíocht a dhéanamh ach an méid a bhfuil an chuideachta i dteideal a dhéanamh faoin dlí. Is ionann cumhachtaí na stiúrthóirí agus iadsan a thug an chuideachta dóibh, de ghnáth trí airteagail chomhlachais na cuideachta.

De ghnáth is iad na comhaltaí i dteannta a chéile a thugann cumhachtaí do stiúrthóirí. Feidhmítear na cumhachtaí sin go foirmeálta trí rún a rithear ag cruinniú boird agus de ghnáth cinntítear iad trí mhóramh vótaí. Tá oibleagáid ar chuideachta miontuairiscí cruinnithe dá leithéid a choinneáil³³. I gcás go ndéanfar cinntí go neamhfhoirmeálta is gnách go nglacfar leo mar chinntí bailí in airteagail chuideachta ar an gcoinníoll go síníonn na stiúrthóirí uile an rún. Is gnách go bhforáiltear in airteagail chomhlachais na cuideachta gur féidir le stiúrthóirí na cumhachtaí cuideachta uile a fheidhmiú nach n-éilítear faoi Achtanna na gCuideachtaí nó faoi airteagail an chomhlachais go bhfeidhmeoidh an chuideachta iad i gcruinniú ginearálta (i.e.

²⁸ Alt 297A d'Acht na gCuideachtaí, 1963 arna chur isteach.

²⁹ Alt 297 d'Acht na gCuideachtaí, 1963.

³⁰ Alt 256 d'Acht na gCuideachtaí, 1963 arna leasú.

³¹ Ailt 256(8) d'Acht na gCuideachtaí, 1963.

³² Ailt 256(9) d'Acht na gCuideachtaí, 1963.

³³ Alt 145 d'Acht na gCuideachtaí, 1963.

i gcruinniú na gcomhaltaí). In imthosca dá leithéid tá an tarmligeann do na stiúrthóirí gan srianadh agus beidh siad i dteideal a dhéanamh gach a bhfuil de chumhacht ag an gcuideachta a dhéanamh.

Mar is amhlaidh i gcás cuideachta cuirfear toirmeasc ar stiúrthóir aon rud a dhéanamh atá in aghaidh an dlí nó *ultra vires* (i.e. taobh amuigh de chumhachtaí na cuideachta). Ní féidir le cuideachta i gcruinniú ginearálta gníomhaíocht atá déanta ag na stiúrthóirí agus atá laistigh de na cumhachtaí atá tugtha dóibh ag na hairteagail a chur ar leataobh go bailí. Ar an dóigh cheanna ní féidir leis an gcuideachta i gcruinniú ginearálta aon bheart a dhéanamh atá tarmlichte do na stiúrthóirí de bhua airteagail chomhlachais dá cuid.

De bhreis ar na cumhachtaí iarbhir a tharmligeann stiúrthóir don bhord féadfaidh dealramh an údarais ‘ostensible authority’ a bheith ag stiúrthóir. Is é sin le rá sa chás go gcuirfidh cuideachta an cruth ar an scéal go bhfuil údarás ag stiúrthóir rud a dhéanamh nó go gcuirfear páirtí eile ar mhíthreoir sa chaoi is go gcreideann sé go bhfuil údarás ag an stiúrthóir geallúintí a thabhairt go rachaidh an chuideachta i dtreo áirithe agus nach ndéanfar aon iarracht an mhíthuiscint a cheartú féadfaidh sé go gcuirfear an chuideachta faoi thoirmeasc an t-údarás sin a dhiúltú ina dhiaidh sin.

3.0 Pionóis faoi Achtanna na gCuideachtaí

3.1 Pionóis maidir le Coireanna Coiriúla

Pionóis a Fhorchuireann Cúirt

Foráiltear do dhá chineál ciona coiriúil faoi Achtanna na gCuideachtaí, cion achomair agus cion indíotáilte. De ghnáth ní mheastar cion achomair a bheith an-tromchúiseach agus triailtear os comhair breithimh sa Chúirt Dúiche é gan giúiré. Is gnách go meastar cionta indíotáilte a bheith níos tromchúisí. Is féidir cionta indíotáilte a thriail ar an modh céanna a dtrialtear cionta achoimre, is é sin os comhair breithimh sa Chúirt Dúiche gan giúiré. Tá de dhifríocht idir cion achomair agus cion indíotáilte áfach gur féidir cionta indíotáilte, as siocair a thromchúisí is atá siad a thriail sa Chúirt Chuarda chomh maith, is é sin le rá os comhair breithimh agus giúiré. Má théitear an bealach sin deirtear go n-ionchúisítear an cion indíotáilte ar díotáil.

I gcás go n-ionchúisítear cion ar díotáil, beidh na pionóis dá bhforáiltear faoin dlí ar ciontú i bhfad níos déine de ghnáth ná mar bheadh siad dá mba rud é go n-ionchúisítí an cion go hachomair.

Maidir le gnáth-uasphionós ar ciontú:

- i gcás cion achomair faoi Achtanna na gCuideachtaí, €1,904 agus/nó téarma príosúnachta 12 mhí, agus;
- i gcás cion indíotáilte faoi Achtanna na gCuideachtaí, €12,697 agus/nó téarma príosúnachta 5 bliana.

Ach foráiltear faoi Achtanna na gCuideachtaí freisin do phionóis i bhfad níos déine maidir le cionta áirithe, m.sh. trádáil chialloiseach (€63,487 agus/nó téarma príosúnachta 7 mbliana ar ciontú ar indíotáilte) agus mí-úsáid mhargaidh (€10 milliún agus/nó téarma príosúnachta 10 mbliana ar ciontú ar indíotáilte).

3.2 Pionóis Shibhialta

Dícháilichán

I dteannta fineálacha agus pionóis foráiltear do bhearta sriantacha eile freisin faoi na hAchtanna. Daoine a chiontaítear ar díotáil i gcion indíotáilte a bhaineann le cuideachta nó a bhfuil calaois nó mí-ionracas ag roinnt leis dícháilítear iad go huathoibríoch chun gníomhú mar stiúrthóirí/oifigigh cuideachta (féach Aguisín B le Leabhrán Faisnéise 2 – Stiúrthóirí Cuideachta). Chomh maith leis sin tig leis an Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach iarratas ar dhícháiliúchán a chur chuig na Cúirteanna maidir le duine ar bith:

- atá ciontach i gcion amháin nó níos mó a bhaineann le loiceadh leabhair chuí chuntas a choinneáil, nó:
- atá ciontach i dtrí mhainneachtain nó níos mó faoi Achtanna na gCuideachtaí.

Srianadh

Beidh na forálacha a bhaineann le srianadh stiúrthóirí cuideachta infheidhme i leith cuideachtaí dócmhainneacha nach bhfuil in ann a bhfiacha a íoc de réir mar a bheidh a ré istigh. Sa chás go bhfuil cuideachta a chuirfear faoi leachtú nó faoi ghlacadóireacht³⁴ dócmhainneach, cuirfear srianadh ar feadh tréimhse suas go 5 bliana ar aon stiúrthóir den cuideachta a gcliseann air/uirthi a chruthú don Ard-Chúirt gur ghníomhaigh sé nó sí go macánta agus go freagrach.

³⁴ Is é an fheidhm atá ag leachtaitheoir sócmhainní na cuideachta a bhailiú agus a réadú, fiacha na cuideachta a ghlánadh, aon fharasbarr atá fágtha a dháileadh, cúrsaí na cuideachta a imscrúdú agus an chuideachta a díscáileadh de réir an dlí. Is é feidhm an ghlacadóra sócmhainní áirithe na cuideachta a dhiúscairt d'fhonn fiach a aisíoc do chreidiúnaí m.sh. do bhanc. Féach Leabhrán Faisnéise 7 – le haghaidh tuilleadh faisnéise faoi leachtaitheoirí.

Cuireann srianadh dá leithéid cosc ar dhuine ó bheith ina stiúrthóir nó ina rúnaí nó ó bheith páirteach i bhfoirmiú nó i gcur chun cinn aon chuideachta mura bhfuil sí caipitlithe go leordhóthanach. I gcás cuideachta phríobháideach is é €63,487 i scairchaipiteal leithroinnte íoctha an riachtanas caipitil, agus i gcás cuideachta phoiblí is é €317,435 é. Beidh cuideachta dá leithéid faoi réir rialacha níos déine freisin maidir le cothabháil chaipitil. Pléitear topaic an srianta go mion in Aguisín B le Leabhrán Faisnéise 2 – Stiúrthóirí Cuideachta.

Baint de Chlár na gCuideachta

I gcás loiceadh cuideachta oibleagáidí dlíthiúla áirithe atá uirthi a chomhlíonadh, m.sh. má chliseann uirthi tuairisceán bliantúil a chomhdú le Cláraitheoir na gCuideachtaí, tig leis an gCláraitheoir an chuideachta a bhaint de Chlár na gCuideachtaí.

I gcás go mbainfear cuideachta den chlár aistrefar sócmhainní na cuideachta go huathoibríoch chuig an Stát. Fanfaidh an chuideachta faoi úinéireacht an Stáit go dtí go gcuirfear an chuideachta ar ais ar an gclár. A fhad is a bheidh sí bainte den chlár beidh gach stiúrthóir, oifigeach agus comhalta den cuideachta faoi dhliteanas i gcónaí agus féadfar an dliteanas sin a fhorfheidhmiú amhlaidh a dhéanfaí murar díscáileadh an chuideachta³⁵.

Pléitear na nósanna imeachta is inleanta chun cuideachta a chur ar ais ar an gclár in Aguisín A le Leabhrán Faisnéise 2 – Cuideachtaí.

³⁵ Alt 12B(1) d'Acht na gCuideachtaí (Leasú) 1982 (arna leasú).

4.0 Seoltaí Úsáideacha

Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach

16 Cearnóg Pharnell

Baile Átha Cliath 1

Teil: 01 858 5800

Suíomh Idirlín: www.osfc.ie

An Oifig um Chlárú Cuideachtaí

14 Cearnóg Pharnell

Baile Átha Cliath 1

&

Bóthar Uí Bhriain

Ceatharlach

Teil: 01 804 5200

Suíomh Idirlín: www.cro.ie

Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta

Sráid Cill Dara

Baile Átha Cliath 2

Teil: 01 631 2121

Suíomh Idirlín: www.djei.ie

Grúpa Athbheithnithe um Dhlí na gCuideachtaí

Lárionad Phort an Iarla

Sráid Hatch Íochtarach

Baile Átha Cliath 2

Teil: 01 631 2763

Suíomh Idirlín: www.clrg.org

Basis

Rochtain Gnó ar Fhaisnéis

agus ar Sheirbhísí Stáit

Suíomh Idirlín: www.basis.ie

Údarás Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasaíochta na hÉireann

Teach Willow

Páirc na Mílaoise

An Nás

Co. Cill Dara

Teil: 045 983600

Suíomh idirlín: www.iaasa.ie

Aguisín A

Ceapachán agus Díbirt Stiúrthóirí agus Cúrsaí Gaolmhara

Ceapachán Stiúrthóirí

Ní mór na chéad stiúrthóirí cuideachta bheith ainmnithe i ráiteas a chuirfear faoi bhráid Chláraitheoir na gCuideachtaí agus is gnách freisin go n-ainmnítear iad in airteagail an chomhlachais. Is faoi réir airteagail an chomhlachais a bheidh na rialacha agus na nósanna imeachta a rialóidh ceapacháin ina dhiaidh sin. Is í an chuideachta i gcruinniú ginearálta a cheapann stiúrthóir de ghnáth. Foráiltear sna hairteagail chaighdeánacha in Acht na gCuideachtaí, 1963 go n-éireoidh a thrian de na stiúrthóirí, amach ón stiúrthóir bainistíochta, as oifig gach bliain ag an CGB agus go bhféadfaidh siad más mian leo iad féin a chur ar aghaidh le haghaidh atoghcháin.

I gcás go bhfaigheann stiúrthóir bás nó go n-éiríonn sé/sí as oifig is gnách go dtugann na hairteagail an chumhacht do bhord na stiúrthóirí folúntas dá leithéid a líonadh go ceann an chéad chruinniú ghinearálta eile den chuideachta tráth a mbeidh an té atá ceaptha i dteideal atoghcháin. Féadfar na hairteagail a dhréachtú ar mhodh a cheadóidh ceapachán duine áirithe mar stiúrthóir ar feadh saoil (ní cheadaítear stiúrthóireachtaí ar feadh saoil ach amháin i gcuideachtaí príobháideacha áfach).

Díbirt Stiúrthóirí³⁶

Tá de chumhacht ag comhaltaí cuideachta stiúrthóir a chur as oifig nó a dhíbirt trí ghnáthrún (i.e. trí mhóramh simplí). I gcás go bhfuil stiúrthóir ceaptha ar feadh saoil trí mheabhrán nó trí airteagail an chomhlachais, ní féidir a leithéid de stiúrthóir a dhíbirt ach amháin má leantar an nós imeachta chun an meabhrán nó airteagail an chomhlachais a athrú.

I gcás go molfar rún chun stiúrthóir a dhíbirt ní mór fógra a thabhairt don chuideachta agus don stiúrthóir lena mbaineann 28 lá roimh ré, mura bhforáiltear dá mhalairt in airteagail an chomhlachais. Ní mór na huirill scríofa uile (neamh-chlúmhilleach) a bhaineann leis an rún atá molta a chur in iúl do na comhaltaí agus féadfaidh sé go n-éileoidh an stiúrthóir go léifear na huirill ag an gcruinniú agus go mbeidh deis aige nó aici ráiteas a dhéanamh ag an gcruinniú faoin rún. Ní féidir cúiteamh nó damáistí a bhfuil sé/sí ina dteideal a bhaint de stiúrthóir, maidir le conradh fostaíochta mar shampla.

Luach Saothair Stiúrthóirí

Foráiltear de ghnáth sna hairteagail gurb í an chuideachta i gcruinniú ginearálta a chinnteoidh luach saothair agus caiteachas stiúrthóirí. Ní mór go mbeidh conarthaí fostaíochta a rinne cuideachta agus stiúrthóir le chéile ar feadh téarma os cionn cúig bliana agus nach féidir críoch a chur leo trí fhógra nó nach féidir críoch a chur leo ach amháin in imthosca sonracha, bheith faofa ag na comhaltaí i gcruinniú ginearálta³⁷. Ba cheart do léitheoirí a thabhairt dá n-aire go bhfuil cosc ar chuideachta faoin dlí luach saothair stiúrthóra a íoc saor ó cháin.

³⁶ Alt 182 d'Acht na gCuideachtaí, 1963.

³⁷ Alt 28 d'Acht na gCuideachtaí, 1990.

An Ceangal go mBeidh Cónaí ag Stiúrthóirí amháin i Limistéar Eacnamúil na hEorpa (LEE)³⁸

Seachas in imthosca teoranta ní mór go mbeidh Cónaí ag duine amháin ar a laghad de stiúrthóirí cuideachta i LEE. Ní bhaineann an riail sin áfach le cuideachta a bhfuil banna ar luach €25,395 á choinneáil aici. Cuspóir an bhanna is ea soláthar a dhéanamh d'íocaíocht aon fhíneálacha ar féidir go ngearrfar ar an gcuideachta faoi Achtanna na gCuideachtaí nó d'fhíneálacha agus do phionóis áirithe arna bhforchur faoin Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997. Ceadaítear díolúine sa chás go ndeonaíonn Cláraitheoir na gCuideachtaí deimhniú á rá go bhfuil nasc iarbhir agus leanúnach ag an gcuideachta le ceann amháin nó níos mó de ghníomhaíochtaí eacnamúla atá á seoladh sa Stát. Tá breis faisnéise maidir le bannaí ar fáil ó Chláraitheoir na gCuideachtaí.

Teorainn le Líon na Stiúrthóireachtaí³⁹

Ní cheadaítear do dhuine bheith ina stiúrthóir nó ina chúlstiúrthóir ar níos mó ná 25 chuideachta ag aon am amháin. Ach i ríomh na gcuideachtaí a bhfuil an duine lena mbaineann ina stiúrthóir orthu, fágfar as an áireamh cuideachtaí ar dheimhniú Cláraitheoir na gCuideachtaí go bhfuil nasc iarbhir agus leanúnach acu le gníomhaíochtaí eacnamúla atá á seoladh sa Stát maille le cuideachtaí teoranta poiblí agus cuideachtaí poiblí eile. Fágfar as an áireamh freisin roinnt cuideachtaí eile a leithéidí cuideachtaí atá luaite ar an Stocmhargadh, cuideachtaí infheistíochta agus cuideachtaí baincéireachta áirithe.

Aguisín B Srianadh agus Dícháiliúchán Stiúrthóirí Cuideachta

Réamhrá

Tugadh foráil isteach i gCuid VII d'Acht na gCuideachtaí, 1990 chun stiúrthóirí cuideachta (agus daoine eile) a shrianadh agus a dhícháili in imthosca áirithe. Is pionóis thromchúiseacha iad srianadh agus dícháiliúchán a mbíonn iarmhairtí tábhachtacha acu do stiúrthóirí agus pléitear iad go mion thíos faoi.

Srianadh Stiúrthóirí

Beidh na forálacha a bhaineann le srianadh stiúrthóirí cuideachta infheidhme i leith cuideachtaí dócmhainneacha nach bhfuil in ann a bhfiacha a íoc de réir mar a bheidh a ré istigh. Sa chás go bhfuil cuideachta a chuirfear faoi leachtú⁴⁰ nó faoi ghlacadóireacht dócmhainneach, cuirfear srianadh ar feadh tréimhse suas go 5 bliana ar aon stiúrthóir na cuideachta a gcliseann air/uirthi an Ard-Chúirt a shásamh gur ghníomhaigh sé nó sí go macánta agus go freagrach.

Cuireann srianadh dá leithéid cosc ar dhuine ó bheith ina stiúrthóir nó ina rúnaí nó ó bheith páirteach i bhfoirmiú nó i gcur chun cinn aon chuideachta mura bhfuil sí caipitlithe go leordhóthanach. I gcás cuideachta phríobháideach is é €63,487 i scairchaipiteal leithroinnte íoctha an riachtanas caipitil, agus i gcás cuideachta phoiblí is é €317,435 é.

³⁸ Alt 43 d'Acht na gCuideachtaí (Leasú) (Uimh. 2) 1999 (arna leasú). Is ionann LEE agus an AE móide Poblacht na hÍoslainne, Ríocht na hIorua agus Lichtinstéin.

³⁹ Alt 45 d'Acht na gCuideachtaí (Leasú) (Uimh. 2) 1999.

⁴⁰ Is é an fheidhm atá ag leachtaitheoir sócmhainní na cuideachta a bhailiú agus a réadú, fiacha na cuideachta a ghlanadh, aon fharasbarr atá fágtha a dháileadh, cúrsaí na cuideachta a imscrúdú agus an chuideachta a díscóileadh de réir an dlí. Is é feidhm an ghlacadóra sócmhainní áirithe na cuideachta a dhiúscairt d'fhonn fiach a aisíoc do chreidiúnaí m.sh. do bhanc. Féach Leabhrán Faisnéise 7 le haghaidh tuilleadh faisnéise faoi leachtaitheoirí agus faoi ghlacadóirí.

Beidh cuideachta dá leithéid faoi réir rialacha níos déine freisin maidir le cothabháil chaipitil (féach thíos). Beidh srianta infheidhme freisin i leith cúlstiúrthóirí agus i leith duine a bhí ina stiúrthóirí ar an gcuideachta laistigh de 12 mhí sular foirceannadh í.

Ní shrianfar aon duine mar stiúrthóir ar choinníoll go bhfuil an Ard-Chúirt sásta:

- gur ghníomhaigh sé nó sí go macánta agus go freagrach maidir le cúrsaí na cuideachta a stiúradh agus nach bhfuil aon chúis cóir agus cothromasach eile chun na srianta a fhorchur;
- go bhfuil an duine sin ina (h)ainmnitheach d'institiúid a sholáthraíonn áiseanna creidmheasa don chuideachta ar choinníoll nach bhfuarthas ráthaíochtaí pearsanta ó na stiúrthóirí le haghaidh áiseanna dá leithéid, nó;
- go bhfuil an duine ina (h)aon ainmnitheach amháin de chuideachta chaipitil fontair a bhfuil scaireanna sa chuideachta ceannaithe nó suibscríofa aici.

I gcomhthéacs a bhfuil luaite thuas ba cheart a thabhairt faoi deara maidir le hainmnithe institiúidí creidmheasa agus cuideachtaí caipitil fontair go mbeidh ar na daoine aonair i gceist, má tá siad chun srianadh a sheachaint, a léiriú gur ghníomhaigh siad go macánta agus go freagrach.

Ar iarratas ó leachtaitheoir nó ó ghlacadóir féadfaidh an Ard-Chúirt síneadh a chur le tréimhse an tsrianta de réir mar is cuí léi. Féadfaidh sí an srianadh a chur i leataobh freisin ar iarratas an duine srianta laistigh de bhliain amháin ón dáta ar forcuireadh an t-ordú srianta.

Agus breithniú á dhéanamh aici faoinar cheart stiúrthóir a shrianadh nó nár cheart cuireann an Chúirt cúrsaí áirithe san áireamh mar atá:

- cibé acu ar lean an chuideachta ag trádáil tráth a raibh a fhios ag an stiúrthóir go raibh sí dócmhainneach;

- caomhnú taifead bunúsach agus comhlíontas Achtanna na gCuideachtaí;
- cruinneas nó iontaofacht ráitis chúrsaí⁴¹ arna dhéanamh faoi mhionn ag an stiúrthóir;
- stíl bheatha an stiúrthóra más rud é gurbh é an chuideachta a mhaoinigh é.

Rialacha maidir le Cothabháil Chaipitil Cuideachtaí a bhfuil a Stiúrthóir (nó a Rúnaí) Srianta⁴²

Ní cheadaítear do chuideachtaí dá leithéid cúnaimh airgid a thabhairt amach chun críche a scaireanna dílse a cheannach. Ina theannta sin na srianta nach bhfuil infheidhme de ghnáth ach i leith cuideachtaí teoranta poiblí (plcanna) faoi alt 32-36 d'Acht na gCuideachtaí (Leasú), 1983 maidir le héadail sócmhainní nach airgead tirim iad ó, *inter alia*, stiúrthóirí, beidh siad infheidhme i leith na cuideachta (is cuma an plc atá inti nó nach ea).

Dícháiliúchán Stiúrthóirí

Is féidir le Chúirt duine a dícháiliú ó ghníomhú mar, *inter alia*, stiúrthóir. Is é éifeacht an dícháilithe i gcás go ndéantar ordú dícháiliúcháin dá leithéid go ndícháiofar an duine i gceist ó ghníomhú mar stiúrthóir, mar iniúchóir, mar oifigeach, mar ghlacadóir, mar leachtaitheoir nó mar scrúdaitheoir ó bheith páirteach i gcur chun cinn, i bhfoirmíú nó i mbainistiú cuideachta ar feadh tréimhse chúig bliana nó cibé tréimhse eile a ordóidh an Chúirt.

Dícháiliúchán Uathoibríoch

Beidh an dícháiliúchán uathoibríoch sna himthosca a leanas:

- I gcás go gciontaítear duine ar díotáil in aon

⁴¹ Is éard atá i ráiteas cúrsaí ráiteas reachtúil maidir le sócmhainní agus le dliteanas na cuideachta maille le sonraí iomlána faoi chreidiúnaithe uile na cuideachta, i.e. ainmneacha, seolta, slite beatha, agus méideanna atá dlite dóibh.

⁴² Alt 155 d'Acht na gCuideachtaí, 1990.

chion indíotáilte⁴³ a bhaineann le cuideachta nó a raibh calaois nó mímhacántacht ag roinnt leis⁴⁴;

- i gcás go gcliseann ar dhuine a chur in iúl do Chláraitheoir na gCuideachtaí tráth a gceaptar mar stiúrthóir é/í go raibh sé/sí dícháilithe i Stát eile nó go ndéarna sé/sí ráiteas bréagach nó míthreorach maidir leis sin⁴⁵;
- i gcás duine a chiontaítear as gníomhú mar stiúrthóir le linn dó/di bheith srianta ach amháin in imthosca atá ceadaithe de réir reachta⁴⁶. Duine a bith a chiontaítear as gníomhú mar stiúrthóir le linn dó/di bheith srianta ní hamháin go ndícháilítear é/í go huathoibríoch ach chomh maith leis sin beidh sé/sí ciontach i gcion coiriúil (arb é €1,904 agus/nó téarma príosúnachta 5 bliana ar ciontú achomair nó €12,697 agus/nó téarma príosúnachta 5 bliana ar ciontú ar díotáil an t-uaspíonós a ghabhann leis);
- i gcás go gciontaítear duine as gníomhú le linn dó/di bheith dícháilithe. Má fhaightear duine ar bith ciontach as gníomhú le linn dó/di bheith dícháilithe cuirfear síneadh breise deich mbliana leis an tréimhse dícháiliúcháin. Chomh maith leis sin beidh an duine sin ciontach i gcion coiriúil (arb é €1,904 agus/nó téarma príosúnachta 5

bliana ar ciontú achomair nó €12,697 agus/nó téarma príosúnachta 5 bliana ar ciontú ar díotáil an t-uaspíonós a ghabhann leis);

- I gcás go gciontaítear duine as gníomhú mar iniúchóir, mar leachtaitheoir nó mar scrúdaitheoir nó as gníomhú i ndáil le foirmiú, le cur chun cinn nó le bainistiú cuideachta ar bith le linn dó/di bheith ina fhéimheach neamhscaoilte⁴⁷.

Dícháiliúchán Lánroghnach

Beidh sé de rogha ag an gCúirt duine a dhícháiliú ar feadh cibé tréimhse a mheasfar a bheith oiriúnach sa chás go raibh an duine sin ciontach in aon ceann dá leanas le linn dó/di bheith ag gníomhú mar stiúrthóir, mar eagraí, mar iniúchóir, mar oifigeach, mar ghlacadóir, mar leachtaitheoir, nó mar scrúdaitheoir ar chuideachta:

- (a) calaois maidir leis an gcuideachta, lena comhaltaí nó lena creidiúnaithe⁴⁸;
- (b) sárú dualgais maidir leis an gcuideachta⁴⁹;
- (c) iompar a dhéanann go bhfuil sé/sí neamhoiriúnach le bheith bainteach le bainistiú cuideachta nó trádáil meargánta nó calaoiseach a d'fhág go ndearnadh dearbhú dliteanais phearsanta maidir le roinnt fiacha nó le fiacha uile na cuideachta⁵⁰;
- (d) mainneachtain dhiansheasmhach maidir le hoibleagáidí faoi Achtanna na gCuideachtaí⁵¹. Sainmhínítear cruthúnas dochloíte ar mhainneachtain dhiansheasmhach mar chás ina bhfuil duine ciontach as trí nó níos mó de mhainneachtanaí in aon tréimhse cúig bliana;

⁴³ Faoi Achtanna na gCuideachtaí foráiltear do dhá chineál ciona, cion achomair agus cion indíotáilte. Triailtear cásanna a bhaineann le cionta achomaire os comhair breitheamh gan giúré sa Chúirt Dúiche. Deirtear go bhfuil cionta dá leithéid triailte go hachomair. Is féidir cionta indíotáilte, a bhfuil saintréithe níos tromchúisí ag baint leo de ghnáth, a thriail go hachomair freisin, i.e. sa Chúirt Dúiche. An t-idirdhealú eatarthu áfach gur féidir cion indíotáilte a thriail freisin ar díotáil. i.e. os comhair giúré sa Chúirt Chuarda. I gcás go triailtear cion indíotáilte ar díotáil bíonn na pionóis (i.e. na fíneálacha agus na téarmaí príosúnachta) atá ar fáil don Chúirt ar ciontú i bhfad níos géire de ghnáth ná mar bheadh siad dá dtriailfí an cion go hachomair.

⁴⁴ Ailt 160(1) d'Acht na gCuideachtaí, 1990.

⁴⁵ Ailt 160(1A) d'Acht na gCuideachtaí, 1990.

⁴⁶ Alt 161 d'Acht na gCuideachtaí, 1990.

⁴⁷ Alt 169 d'Acht na gCuideachtaí, 1990.

⁴⁸ Ailt 160(2)(a) d'Acht na gCuideachtaí, 1990.

⁴⁹ Alt 160(2)(b) d'Acht na gCuideachtaí, 1990.

⁵⁰ Ailt 160(2)(c), (d) agus (e) d'Acht na gCuideachtaí, 1990.

⁵¹ Alt 160(f) d'Acht na gCuideachtaí, 1990.

- (e) dhá chion nó níos mó a bhaineann le loiceadh leabhair chuí chuntas a choinneáil⁵²;
- (f) i gcás stiúrthóir ar chuideachta dhócmhainneach loiceadh na dtuairisceán bliantúil atá gan bheith comhdaithe a chomhdú ar iarratas agus an chuideachta a bheith bainte de chlár na gcuideachta dá thoradh⁵³.

Féadfaidh an Chúirt duine a dhícháili freisin sa chás go bhfuil sé/sí dícháilithe faoi dhlí Stáit eile agus go bhfuil an Chúirt sásta dá mba sa Stát seo a bhreithneofaí an t-iompar ba chúis leis an dícháiliúcháin, go mbeadh an dícháiliúchán oiriúnach⁵⁴.

I gcás go bhfuil duine srianta ina stiúrthóir nó go dtiocfaidh sé/sí bheith ina stiúrthóir ar chuideachta a bhfuil tús curtha lena foirceanta laistigh de thréimhse chúig bliana i ndiaidh thús an fhoirceanta ba chúis leis an srianadh agus gur dealraitheach don leachtaitheoir nach bhfuil an chuideachta in ann a fiacha a íoc, féadfaidh an Chúirt, má mheasann sí é bheith cuí an duine sin a dhícháiliú⁵⁵.

Iarmhairtí Sibhialta a Thiocfaidh as Gníomhú le linn bheith Srianta nó Dícháilithe

Duine ar bith atá ciontach as gníomhú mar stiúrthóir le linn dó/di bheith dícháilithe (seachas sna cúinsí sin atá ceadaithe de réir reachta) nó srianta féadfaidh sé/sí de rogha na Cúirte bheith curtha faoi dhliteanas pearsanta (gan teorainn leis an dliteanas) maidir le fiacha na cuideachta má tharlaíonn go n-éiríonn an chuideachta dócmhainneach laistigh de thréimhse dhá mhí dhéag ón dáta ar ghníomhaigh an duine sin mar stiúrthóir le linn dó/di bheith srianta nó dícháilithe⁵⁶.

Clár na nDaoine Srianta agus Dícháilithe

Éilítear ar Chláraitheoir na gCuideachtaí clár a choinneáil de dhaoine srianta⁵⁷ agus clár a choinneáil de dhaoine dícháilithe⁵⁸. Éilítear ar Chláraitheoir na Cúirte fógra a chur chuig Cláraitheoir na gCuideachtaí sa chás go ndeonaíonn an Chúirt ordú srianta nó ordú dícháilithe i gcoinne duine aonair. Beidh na cláir sin ar fáil lena n-iniúchadh ag gach ball den phobal agus coinneofar iad ag áitreabh an Cláraitheora agus ar shuíomh idirlín OCC, www.cro.ie.

Foilsíonn an Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach sonraí faoi na horduithe srianta agus na horduithe dícháilithe uile a bhaineann an Oifig aige amach (seoladh: www.osfc.ie).

⁵² Alt 160(2)(g) d'Acht na gCuideachtaí, 1990.

⁵³ Alt 160(2)(h) d'Acht na gCuideachtaí, 1990.


⁵⁴ Alt 160(2)(i) d'Acht na gCuideachtaí, 1990.

⁵⁵ Alt 161(5) d'Acht na gCuideachtaí, 1990.

⁵⁶ Alt 163(3) d'Acht na gCuideachtaí, 1990.

⁵⁷ Alt 153 d'Acht na gCuideachtaí, 1990.

⁵⁸ Alt 168 d'Acht na gCuideachtaí, 1990.



Oifig an Stiúrthóra um
Fhorfheidhmiú Corparáideach
Office of the Director
of Corporate Enforcement

Le bhagaidh eolas eile:

✉ **Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach**

16 Cearnóg Pharnell

Baile Átha Cliath 1

Éire

☎ 01 858 5800

Loghlao 1890 315 015

☎ 01 858 5801

@ info@odce.ie

🌐 www.osfc.ie

Tá leagan Béarla den leabhrán seo ar fáil

An English version of this booklet is available